NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Treoirlínte chun tacú le cur i gcrích an Tionscadail Corpoideachais

Corpoideachas na hArdteistiméireachta

Nollaig 2025

An Clár Ábhar

RÉAMHRÁ 1

MEASÚNÚ DON TEISTIÚCHÁN I GCORPOIDEACHAS NA HARDTEISTIMÉIREACHTA 1

ACHOIMRE AR AN TIONSCADAL CORPOIDEACHAIS 2

PRÓISEAS CHUN AN TIONSCADAL CORPOIDEACHAIS A CHUR I GCRÍCH 4

Céim 1: Iniúchadh na Treorach 5

Céim 2: Plean a fhorbairt don rannpháirteachas 6

Céim 3: Plé go praiticiúil leis an bplean 8

Céim 4: Anailís agus Meastóireacht 9

Céim 5: Cur i láthair an tionscadail 11

FORMÁID AGUS CUR ISTEACH AN TIONSCADAIL CORPOIDEACHAIS 13

Tuairisceoirí Cáilíochta 14

RÓL AN MHÚINTEORA 16

AGUISÍNÍ 18

AGUISÍN 1 LIOSTA DE GHNÍOMHAÍOCHTAÍ COIRP 18

AGUISÍN 2: TREOIRLÍNTE CHUN TACÚ LE TAGAIRTÍ A DHÉANAMH 19

Réamhrá

Sa cháipéis seo, *Treoirlínte chun tacú le cur i gcrích an Tionscadail Corpoideachais*, cuirtear an méid seo a leanas ar fáil:

- sonraí faoi chineál agus raon an Tionscadail Corpoideachais mar a dtugtar breac-chuntas air sa tsonraíocht churaclaim do Chorpoideachas na hArdteistiméireachta
- treoir do scoileanna, do mhúinteoirí agus do scoláirí maidir leis an Tionscadal Corpoideachais a dhéanamh, a chur i gcrích agus a chur isteach
- faisnéis ar an ról atá ag scoileanna agus ag múinteoirí chun tacú leis na scoláirí leis an Tionscadal Corpoideachais
- tuairisceoirí cáilíochta don Tionscadal Corpoideachais.

Ba cheart na treoirlínte seo a úsáid i gcomhar leis an tsonraíocht churaclaim le haghaidh Chorpoideachas na hArdteistiméireachta atá ar fáil ar Sonraíocht do Chorpoideachas na hArdteistiméireachta | Curaclam ar Líne

Foilseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) treoir go bliantúil don Tionscadal Corpoideachais.

Measúnú don Teistiúchán i gCorpoideachas na hArdteistiméireachta

Tá measúnú don teistiúchán bunaithe ar réasúnaíocht, aidhm agus torthaí foghlama shonraíocht Chorpoideachas na hArdteistiméireachta. Tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe ann: scrúdú scríofa agus comhpháirt mheasúnaithe bhreise a bhfuil tionscadal Corpoideachais i gceist léi. Beidh an scrúdú scríofa ar Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal. Beidh an Tionscadal Corpoideachais bunaithe ar threoir chomónta agus déanfar measúnú air ag an leibhéal ag a ndéanann an scoláire an scrúdú scríofa deiridh. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a dhéanfaidh gach comhpháirt a leagan amach agus a scrúdú.

Tábla 1: Achoimre ar an measúnú don teistiúchán i gCorpoideachas na hArdteistiméireachta

Comhpháirt mheasúnaithe	Ualú	Leibhéal
Tionscadal Corpoideachais	50%	Treoir Chomónta
Scrúdú scríofa	50%	Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Achoimre ar an Tionscadal Corpoideachais

Cuirtear deis ar fáil do na scoláirí sa Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CMB) i gCorpoideachas na hArdteistiméireachta, an Tionscadal Corpoideachais, a gcuid foghlama agus gnóthachtála ar fud shonraíocht Chorpoideachas na hArdteistiméireachta a léiriú. Le rannpháirteachas gníomhach i ngníomhaíochtaí coirp, ligtear do na scoláirí a gcuid inniúlachtaí a chomhtháthú ar bhealach struchtúrtha fiúntach. Tacaíonn an tionscadal leis an bhfoghlaim leanúnach. Tacaítear leis na scoláirí tabhairt faoi na próisis a bhaineann le gníomhaíochtaí coirp, is é sin iad a pleanáil, a bheith páirteach iontu, iad a dhéanamh, meastóireacht a dhéanamh orthu agus iad a chur in iúl, fad a fhiosraíonn siad nithe níos leithne a imríonn tionchar ar rannpháirtíocht agus déanamh na gníomhaíochta coirp.

Le linn an tionscadail oibríonn na scoláirí trí phróiseas struchtúrtha lena gcuirtear ar a gcumas a gcuid inniúlachta sna nithe seo a leanas a léiriú:

- a rannpháirteachas i ngníomhaíochtaí coirp **a phleanáil**
- **a bheith páirteach** go fiúntach i ngníomhaíochtaí coirp
- **inniúlacht scile agus anailís** i ngníomhaíochtaí coirp
- **meastóireacht** a dhéanamh ar fheidhmíocht agus foghlaim
- a gcuid torthaí agus ábhar machnaimh **a chur in iúl**.

Cuirfidh na scoláirí an Tionscadal Corpoideachais i gcrích bunaithe ar na torthaí foghlama agus gníomhaíochtaí coirp a leagtar amach sa tsonraíocht agus de réir na Treorach a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS). Leagfar amach sa Treoir na ceanglais shonracha i ndáil leis an tionscadal agus tacófar leis na scoláirí agus na múinteoirí é a phleanáil agus a chur i bhfeidhm. Nuair a bheidh sé curtha i gcrích, cuirfidh na scoláirí a dtuarascálacha faoi bhráid CSS don mheasúnú seachtrach, i bhformáid a shonróidh CSS.

Treoir
Sa Treoir, a eiseoidh CSS i dTéarma 2 de Bhliain 1 den chúrsa, déanfar an méid seo a leanas:

- leagfar síos téama nó réimse fócais don Tionscadal Corpoideachais
- soláthrófar treoracha do na scoláirí agus do scoileanna maidir le prótacail i ndáil le cur isteach

an tionscadail (lena n-áirítear an líon focal, méid an chomhaid, an cineál comhaid, srl.)

- beidh ábhar spreagtha ann nuair is cuí
- treorófar scoláirí chun a gcuid pleanála, rannpháirteachais agus anailíse a fhorbairt mar chuid

dá gcuid oibre.

Chun tacú leis an eispéireas a bhaineann leis an bpróiseas struchtúrtha a éilítear sa Tionscadal Corpoideachais, tá an CMB eagraithe ina chúig chéim ar leith, a léirítear i bhFíor 1 agus a ndéantar cur síos orthu sa chéad chuid eile. Leis na céimeanna seo tugtar treoir do na múinteoirí agus do na scoláirí ón gcéad fhéachaint ar an Treoir go dtí go gcuirtear an tionscadal isteach. Tógann gach céim ar an gceann a tháinig roimpi, rud a fhágann go dtéann na scoláirí go loighciúil trí na próisis a bhaineann leis an tionscadal a phleanáil, bheith páirteach ann, é a dhéanamh, meastóireacht a dhéanamh air agus é a chur in iúl. Cabhraíonn na céimeanna sin leis na scoláirí a gcuid airde a

dhíriú, a gcuid ama a bhainistiú go héifeachtach agus a gcuid foghlama a léiriú ar bhealach comhleanúnach machnamhach.

Fíor 1: Forléargas ar an bpróiseas struchtúrtha



Próiseas chun an Tionscadal Corpoideachais a chur i gcrích

Tá rannpháirtíocht ghníomhach i ngníomhaíocht choirp lárnach don fhoghlaim i gCorpoideachas na hArdteistiméireachta. Táthar ag súil go nglacfaidh na scoláirí páirt i réimse leathan gníomhaíochtaí coirp i gcaitheamh an chúrsa, gníomhaíochtaí atá ina bhfócas don fhoghlaim agus a úsáidtear freisin mar chomhthéacs chun na príomhchoincheapa i gCorpoideachas na hArdteistiméireachta a fhiosrú. Tá an fhoghlaim i gCorpoideachas na hArdteistiméireachta fréamhaithe i ngluaiseacht agus rannpháirtíocht, rud a ligeann do na scoláirí a gcuid tuisceana a dhoimhniú ach eolas teoiriciúil a chur i bhfeidhm ar bhealaí praiticiúla fiúntacha.

I measc na bpríomhchoincheap atá ina mbonn eolais faoin ngníomhaíocht choirp i gCorpoideachas na hArdteistiméireachta, agus a d'fhéadfadh a bheith sa Treoir, tá:

- scil agus teicníc
- comhpháirteanna beartacha/comhdhéanaimh
- éilimh fhiseolaíocha, lena n-áirítear comhpháirteanna corpacmhainne
- ullmhacht shíceolaíoch
- cothú.

Leis an Tionscadal Corpoideachais, éileofar cur chuige comhtháite lena gcuirtear i bhfeidhm teoiric agus tuiscint na bpríomhchoincheap a bhaineann le cleachtas na gníomhaíochta coirp, dúshlán a thabhairt do na scoláirí a gcuid foghlama a léiriú le próiseas struchtúrtha lena gcuimsítear pleanáil, rannpháirteachas, inniúlacht scile agus anailís, meastóireacht agus cur in iúl.

Tacóidh na céimeanna thíos leis na múinteoirí agus leis na scoláirí tabhairt faoin bpróiseas struchtúrtha sin, agus é a chur i gcrích. Leis na réimsí fócais sa Treoir, arna heisiúint ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), tarraingeofar ar na príomhchoincheapa atá mar bhonn taca faoin ngníomhaíocht choirp i gCorpoideachas na hArdteistiméireachta, chomh maith le téamaí agus gníomhaíochtaí coirp ábhartha.

Beifear ag súil go dtarraingeoidh na scoláirí ar na coincheapa sin de réir mar a léirmhíneoidh siad an Treoir, mar a roghnóidh siad gníomhaíochtaí coirp chuí agus mar a chuirfidh siad an tionscadal i gcrích. Ba cheart an tionscadal a shainoiriúnú agus a dhéanamh ábhartha do gach scoláire. Cuimseofar ann feidhmíocht an scoláire agus tarraingeofar ar an ábhar reatha ábhartha.

Cé go gcuireann gach scoláire Tionscadal Corpoideachais dá gcuid féin i gcrích, is féidir go mbeidh tacaíocht bhreise acu óna gcuid comhscoláirí le linn an phróisis chun tacú le cur i bhfeidhm a bpleananna. D'fhéadfaí comhscoláirí a bheith ina mbaill bhreise den fhoireann/ina gcomhpháirtithe gníomhaíochta, nó d'fhéadfaidís tacú leis an trealamh. Agus ról tacúil á imirt i dtionscadal scoláire eile ar an mbealach sin, tá tairbhe leis sin agus soláthraítear deis bhreise chun scileanna praiticiúla a fhorbairt, scileanna a leagtar amach sna torthaí foghlama agus lena bhfuil gá chun an Tionscadal Corpoideachais a chur i gcrích. Ba cheart seisiúin rialta 'seiceáil isteach' a bheith ag na scoláirí lena múinteoir chun monatóireacht a dhéanamh ar arannpháirteachais leanúnaigh sa tionscadal.

Tugtar an liosta gníomhaíochtaí coirp, atá incháilithe dá roghnú don CMB, in Aguisín 1. D'fhéadfaí gníomhaíochtaí ar an liosta ceadaithe a oiriúnú chun tacú le rannpháirtíocht fhiúntach gach scoláire. Le hoiriúnuithe cuí, cinntítear gur féidir le gach scoláire a gcuid foghlama agus gnóthachtála a thaispeáint laistigh de pharaiméadair na sonraíochta.

Tugtar amlíne tháscach maidir le tabhairt faoi gach céim sna codanna seo a leanas.

Céim 1: Iniúchadh na Treorach

Sa chéim seo den tionscadal déanann na scoláirí iniúchadh ar an Treoir, arna heisiúint ag CSS i dtéarma 2 de bhliain 1 den chúrsa. Le linn na tréimhse sin, beidh na scoláirí ag tabhairt faoin '**pleanáil**' agus cuirfidh an fiosrú tosaigh sin ar an Treoir bonn eolas faoin bplean cuimsitheach a leanfaidh.

Agus an Treoir á hiniúchadh acu, ba cheart do na scoláirí na réimsí príomhchoincheap a shainaithint go cúramach, is é sin na cinn nach mór dóibh tabhairt fúthu agus a leagtar amach i gceanglais shonracha na Treorach. Léirmhíníonn na scoláirí an Treoir i ndáil lena gcuid foghlama agus eispéireas roimhe sin i gCorpoideachas na hArdteistiméireachta. Le treoir óna múinteoir Corpoideachais, déanfaidh na scoláirí machnamh ar an gcaoi a múnlaíodh a gcuid tuisceana ar an Treoir lena dtaithí roimhe sin ar ghníomhaíocht choirp.

Gné ríthábhachtach den chéim sin ná fiosrú faoi na gníomhaíochtaí coirp, modheolaíochtaí agus straitéisí is fabhraí chun freagairt don Treoir. D'fhéadfadh acmhainní eile amhail cúrsaí reatha, clúdach sna meáin nó ailt nuachta a bheith ábhartha nó infheidhme i ndáil leis an gcéim seo den tionscadal. Moltar go mbeadh taithí ar na gníomhaíochtaí coirp i gCorpoideachas na hArdteistiméireachta ag na scoláirí cheana féin.

Moltar go gcoinneodh na scoláirí taifead gníomhaíochta le linn na céime sin chun ábhair mhachnamh thosaigh a thaifeadadh, a gcuid réasúnaíochta i ndáil leis na gníomhaíochtaí arna bhfiosrú a bhreacadh síos, ábhair thacaíochta a bhailiú agus naisc luatha leis an Treoir a shainaithint ós rud é go dtacóidh sé sin le déanamh gach céim eile den tionscadal agus déanfaidh sé eolas don tuarascáil deiridh. Cé go ndéantar maoirseacht ar an gcéim sin, agus go dtreoraítear na scoláirí, ar scoil, féadfaidh na scoláirí taighde agus machnamh tacúil a dhéanamh sa bhaile. Meastar go dtógfaidh sé thart ar 1–2 uair an chloig chun an chéim seo a chur i gcrích.

[1]Áirítear i measc na gceisteanna treoracha nó leide lena bhféadfar tacú leis na scoláirí sa chéim seo:

- Cad atá ar eolas agam faoi na príomhchoincheapa fócais sa Treoir cheana féin?

[1] Cuirtear i láthair sa liosta seo sraith leideanna samplacha a d'fhéadfaí a úsáid ach níl sé uileghabhálach.

- Cén nasc atá ann idir an Treoir seo agus mo chuid eispéireas féin leis an gcorpoideachas?
- Cad iad na gníomhaíochtaí coirp atá déanta agam cheana a d'fhéadfaí a nascadh go fiúntach leis an bhfócas sa Treoir?
- Conas is féidir liom an príomhchoincheap fócais a fhiosrú ar bhealach cruthaitheach?
- Conas is féidir liom mo scileanna praiticiúla agus machnaimh a léiriú agus a fhorbairt go cuí mar fhreagairt don Treoir seo?
- Céard iad na smaointe luatha atá agam maidir le treo mo thionscadail?
- Conas a thaifeadfaidh mé mo chuid smaointe agus cinntí tosaigh?
- Conas is féidir liom a bhfuil foghlamtha agam le linn mo rannpháirteachais leis na gníomhaíochtaí praiticiúla agus tuiscint theoiriciúil a chur i bhfeidhm ar fhócas na Treorach?

Fianaise a mholtar a bhailiú chun tacú leis an tionscadal le linn na céime seo:

- Machnamh tosaigh ar an Treoir agus na réimsí fócais ar a dtugtar breac-chuntas
- Naisc leis an bhfoghlaim agus leis an bhfeidhmíocht roimhe seo
- Ábhar ábhartha a bhaineann leis an bhfócas agus a d'fhéadfadh tacú leis an tionscadal
- Réasúnaíocht phearsanta i ndáil leis an gcur chuige
- Sainaithint luath dúshlán agus deiseanna féideartha.

Céim 2: Plean a fhorbairt don rannpháirteachas

Le linn na céime seo leanann na scoláirí ar aghaidh leis an '**pleanáil**' agus é d'aidhm acu plean cuimsitheach a fhorbairt chun a bhfreagairt don Treoir a stiúradh. Ní mór do na scoláirí gníomhaíochtaí coirp atá ag teacht le fócas sonrach na Treorach a roghnú agus modhanna agus straitéisí sonracha a shainaithint chun an Tionscadal Corpoideachais a chur i gcrích.

Cé nach gá do gach scoláire a dtionscadal a chur i gcrích bunaithe ar na gníomhaíochtaí céanna, ní mór do na gníomhaíochtaí coirp roghnaithe a bheith praiticiúil agus indéanta de réir na saoráidí agus acmhainní atá ar fáil ag an scoil. Ba cheart taithí a bheith ag na scoláirí ar an ngníomhaíocht arna roghnú acu, de thoradh a gcuid foghlama sa Chorpoideachas, chun a chinntiú gur féidir leo tabhairt faoin Treoir ar bhealach fiúntach. Ba cheart an roghnú a dhéanamh tar éis plé idir an scoláire agus an múinteoir, agus smaoineamh ar spéiseanna agus láidreachtaí na scoláirí, agus na saoráidí atá ar fáil. Ní mór na gníomhaíochtaí coirp a dhéanamh faoi mhaoirseacht an mhúinteora le linn gnáthranganna Corpoideachais. Mar gheall air sin, tá sé ríthábhachtach smaoineamh go cúramach ar oiriúnacht na ngníomhaíochtaí chun deiseanna an ratha a uasmhéadú agus ailíniú le ceanglais na sonraíochta.

Tar éis an fhiosraithe tosaigh ar an Treoir, chomh maith le sainaithint cheanglais shonracha na Treorach, ba cheart do na scoláirí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- anailís ar na riachtanais chun éilimh shonracha a ngníomhaíochtaí roghnaithe a shainaithint agus aird a tharraingt ar na réimsí tosaíochta i gcomhréir le fócas na Treorach. D'fhéadfadh a gcumais nó a láidreachtaí reatha, nó réimsí eile atá cuí i ndáil le fócas na Treorach, a bheith i gceist leis sin.

- bunaithe ar an anailís sin, spriocanna soiléire réalaíocha agus intomhaiste a leagan síos, is é sin spriocanna a thagann le fócas na Treorach agus a léiríonn a gcuid uaillmhianta pearsanta don tionscadal. Ba cheart a áireamh sa phlean sceideal struchtúrtha rannpháirteachais, chomh maith le straitéisí chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn, oiriúnuithe a chur i bhfeidhm i gcás inar gá, agus rannpháirtíocht eiticiúil shábháilte a chinntiú.
- na huirlisí agus na critéir feidhmíochta a úsáidfidh siad níos déanaí, chun anailís a dhéanamh ar an dul chun cinn, a shainaithint (m.sh. seicliostaí scileanna, anailíse físe, sonraí feidhmíochta, taifead gníomhaíochta).

Tarlaíonn an chéim phleanála sin sna scoileanna go príomha, faoi mhaoirseacht na múinteoirí, ach moltar do na scoláirí ábhair, acmhainní agus faisnéis tacaíochta ábhartha eile a aimsiú lasmuigh den seomra ranga. Meastar go bhféadfadh thart ar 3–5 uair an chloig a bheith i gceist chun an chéim seo a chur i gcrích.

[2]Áirítear i measc na gceisteanna treoracha nó leide lena bhféadfar tacú leis na scoláirí sa chéim seo:

- Cén fhaisnéis thábhachtach atá faighte agam ón anailís ar riachtanais?
- Cad iad na láidreachtaí atá agam agus cé na réimsí a d'fhéadfainn a fheabhsú? Más ábhartha.
- Cad iad na spriocanna sonracha ba mhaith liom a bhaint amach sa tionscadal seo? An bhfuil siad réalaíoch agus intomhaiste?
- Conas a cheapfaidh mé plean a ligfidh dom na spriocanna sin a chomhlíonadh?
- Cén cineál oiliúna agus cleachtaidh a theastaíonn chun tacú le mo dhul chun cinn?
- Cé na huirlisí, acmhainní nó straitéisí a úsáidfidh mé?
- Conas a chinnteoidh mé go bhfuil mo chuid rannpháirteachais agus feidhmíochta sábháilte, eiticiúil agus ag teacht leis na príomhchoincheapa fócais?
- Cad iad na nithe a d'fhéadfadh a bheith dúshlánach sa tionscadal seo, agus conas is féidir liom ullmhú lena n-aghaidh?
- Conas a leagfaidh mé amach mo sceideal?

---

[2] Cuirtear i láthair sa liosta seo sraith leideanna samplacha a d'fhéadfaí a úsáid ach níl sé uileghabhálach.

- Cad iad na gníomhaíochtaí a d'fhorbródh nó a léireodh fócas na Treorach ar an mbealach is fearr?
- Cén teoiric/Cé na teoiricí atá á léiriú agam leis an gcur i bhfeidhm praiticiúil?
- Cé na hacmhainní/saoráidí/tacaí a theastaíonn uaim chun an plean a chur i gcrích?
- Cén toradh a bheidh ann, dar liom féin?
- Cén réasúnaíocht a bhaineann leis na cinntí a rinne mé?

Fianaise a mholtar a bhailiú chun tacú leis an tionscadal le linn na céime seo:

- Anailís ar riachtanais
- Nótaí, ábhair thagartha, ailt ar líne, srl., a thacaíonn leis an bhfáth a bhfuil na gnéithe éagsúla den anailís ar riachtanais tábhachtach.
- Plean scríofa lena mbaineann spriocanna a bhfuil prionsabail, réasúnaíocht agus fianaise thacaíochta mar bhonn taca fúthu
- Sainaithint acmhainní, saoráidí agus tacaí
- Cur síos ar na huirlisí don anailís agus don athbhreithniú
- Anailís riosca don tionscadal
- Torthaí tuartha, más ábhartha.

Céim 3: Plé go praiticiúil leis an bplean

Le linn na céime seo den tionscadal, cuireann na scoláirí a bplean chun feidhme le rannpháirtíocht ghníomhach sna gníomhaíochtaí coirp roghnaithe. Sa chéim seo, beidh na scoláirí '**páirteach**' go praiticiúil agus léireoidh siad '**inniúlacht scile agus anailís**' i ngníomhaíochtaí coirp mar chuid den phróiseas struchtúrtha. Faoi mhaoirseacht an mhúinteora Corpoideachais, beidh na scoláirí páirteach go diongbháilte seasmhach agus sábháilte sa ghníomhaíocht choirp chun freagairt d'fhócas a dtionscadail.

Tá an plean cuimsitheach arna fhorbairt sa chéim roimhe seo ríthábhachtach do rochtain, eispéireas agus leibhéal rannpháirteachais na scoláirí sa chéim seo. Táthar ag súil go gcloífidh na scoláirí lena bplean agus iad ag léiriú a n-inoiriúnaitheachta nuair a thagann dúshláin chun cinn. Ní mór do na scoláirí fianaise ar rannpháirteachas a bhailiú, chomh maith le feidhmíocht a thagann lena bplean, le linn na céime seo. Bíonn an machnamh leanúnach le linn na céime seo agus ba cheart é a bhreacadh síos le nótaí machnaimh, nótaí feidhmíochta, taifid ghníomhaíochta, fianaise físe nó fhótagrafach. Maidir leis na seisiúin phraiticiúla ar scoil, beidh an múinteoir Oideachais Corpoideachais ag tacú leo agus beidh sé/sí ag faire orthu;mar sin féin, moltar do na scoláirí tabhairt faoi oiliúint, forbairt scileanna nó cleachtadh go neamhspleách de réir mar is infheidhme maidir le fócas na Treorach chun tacú lena dtionscadal.

Measatar go dtógfaidh sé thart ar 8–10 n-uair an chloig roinnt seachtainí as a chéile chun an chéim seo a chur i gcrích.

[3]Áirítear i measc na gceisteanna treoracha nó leide lena bhféadfar tacú leis na scoláirí sa chéim seo:

- An bhfuil mé ag cloí le mo phlean? Cén fáth a bhfuil/nach bhfuil?
- An bhfuil na príomhchoincheapa soiléir? Conas?
- Cad iad na rudaí a bhfuil ag éirí go maith leo le linn mo sheisiún? Cé na deacrachtaí atá agam?
- Cad iad na deiseanna agus dúshláin atá sonraithe agam le mo phlean?
- Conas atá mé ag tomhas rannpháirteachais agus feidhmíochta a thagann leis na príomhchoincheapa?
- Conas atá mé ag tomhas an ratha?
- Conas atá mé ag cinntiú go bhfuil mé ag teacht leis na príomhchoincheapa atá ábhartha i ndáil leis an Treoir?
- Conas atá mé ag oiriúnú mo phlean chun dul i bhfeabhais nó bacainní a shárú?
- Cén fhianaise (m.sh. físeán, nótaí, sonraí feidhmíochta, taifead gníomhaíochta, seicliostaí) atá á bailiú agam chun mo chuid rannpháirteachais agus feidhmíochta a thaispeáint?
- Conas atá sé seo ábhartha maidir le cúrsaí reatha agus forbairtí sa réimse seo?
- An bhfuil mé ag cleachtadh go sábháilte agus go heiticiúil? Conas is féidir liom é sin a léiriú?

Fianaise a mholtar a bhailiú chun tacú leis an tionscadal le linn na céime seo:

- Taifead rannpháirteachais
- Aiseolas a fuarthas agus a cuireadh i bhfeidhm (ón múinteoir, comhscoláirí, anailís físe, srl.)
- Fianaise fhótagrafach nó físe ar fheidhmíocht/rannpháirteachas
- Tráchtaireacht ar fheidhmíocht agus cinntí a rinneadh agus an plean á chur chun feidhme, lena n-áirítear oiriúnuithe a rinneadh srl.

Céim 4: Anailís agus Meastóireacht

Déanann na scoláirí anailís agus meastóireacht ar na torthaí a bhaineann le cur chun feidhme a bplean i ndiaidh chéim 3. Déanfaidh na scoláirí '**meastóireacht**' le linn na céime seo den phróiseas struchtúrtha. Leis na huirlisí agus na critéir a luaitear le linn na gcéimeanna pleanála, déanann na

[3] Cuirtear i láthair sa liosta seo sraith leideanna samplacha a d'fhéadfaí a úsáid ach níl sé uileghabhálach.

scoláirí scrúdú géar ar an dul chun cinn atá déanta acu i dtreo a spriocanna bunaidh, éifeachtacht a bplean agus a rannpháirteachas agus a bhfeidhmíocht, agus an tionchar a bhí ag na hoiriúnuithe, má rinneadh aon cheann.

Mar chuid den anailís agus den mheastóireacht, ba cheart do na scoláirí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a n-eispéireas a nascadh leis na príomhchoincheapa corpoideachais a luaitear sa Treoir.
- machnamh a dhéanamh ar thorthaí gearrthéarmacha a dtionscadail, chomh maith leis na himpleachtaí fadtéarmacha ar a gcuid forbartha pearsanta i ngníomhaíocht choirp.
- tabhairt faoi mheastóireacht atá fianaisebhunaithe, tarraingt ar a gcuid machnaimh, breathnóireachta, sonraí feidhmíochta agus forbairtí reatha ábhartha, de réir mar is cuí.
- tabhairt faoi anailís a d'fhéadfadh an méid seo a áireamh: meastóireacht a dhéanamh ar shonraí i dtaobh cruinnis, beaichte, in-atrialltachta agus in-atáirgtheachta, ríomhanna agus/nó graif chun sainaithint patrún agus caidreamh a éascú, réasúnú le haon atriallta ar an bpróiseas agus sainaithint agus míniú ar aon torthaí nó breathnuithe aimhrialta tosaigh a bhaineann leis na príomhchoincheapa fócais.

Tacaítear leis an gcéim sin go príomha trí mhachnamh rangbhunaithe ach féadfaidh scoláirí a dtorthaí a chur i dtoll a chéile agus a meastóireachtaí a bheachtú sa bhaile. Moltar go ndéanfadh scoláirí machnamh ar an anailís tosaigh ar riachtanais agus go ndéanfaidís anailís ghéar uirthi. Meastar go dtógfaidh sé thart ar 2–3 uair an chloig chun an chéim seo a chur i gcrích.

[4]Áirítear i measc na gceisteanna treoracha nó leide lena bhféadfar tacú leis na scoláirí sa chéim seo:

- Cén dul chun cinn atá déanta agam i ndáil le mo spriocanna bunaidh? Ar bhain an éifeacht inmhianaithe leis an bplean? Cén fáth ar bhain? Cén fáth nár bhain?
- An bhféadfaí mo phlean a ailíniú ar bhealach níos fearr leis na príomhchoincheapa fócais?
- An bhfuil na príomhchoincheapa fócais soiléir i mo mheastóireacht agus m'anailís?
- Cad é mar a d'éirigh liom tabhairt faoin bplean?

[4] Cuirtear i láthair sa liosta seo sraith leideanna samplacha a d'fhéadfaí a úsáid ach níl sé uileghabhálach.

- Conas mar a bhí mo chuid feidhmíochta? Conas a d'fhorbair mé tuiscint ar na príomhchoincheapa?
- Cad a léiríonn na sonraí nó an t-aiseolas dom maidir leis na príomhchoincheapa?
- Cad iad na láidreachtaí atá forbartha agam, agus cé na réimsí a d'fhéadfainn a fheabhsú?
- Conas mar a chuir mé aiseolas i bhfeidhm chun mo thorthaí a fheabhsú?
- Cad iad na dúshláin agus na deiseanna a tháinig chun cinn le linn mo rannpháirteachais/m'fheidhmíochta? Cén chaoi ar fhreagair mé?
- Céard a dhéanfainn go difriúil dá mbeinnse ag cur tús leis an tionscadal arís?
- Conas a d'athraigh an tionscadal seo an bealach a smaoiním faoi ghníomhaíocht choirp agus feidhmíocht?

Fianaise a mholtar a bhailiú chun tacú leis an tionscadal le linn na céime seo:

- Anailís le sonraí agus breathnóireacht
- Machnamh le tacaíocht ó fhianaise
- Naisc le príomhchoincheapa an chorpoideachais
- Straitéisí sainaitheanta don dul chun cinn amach anseo.

Céim 5: Cur i láthair an tionscadail

Sa chéim dheiridh, tugann na scoláirí a gcuid foghlama le chéile agus cuireann in iúl í le tuarascáil struchtúrtha san fhormáid arna leagan síos ag CSS. Ba cheart a léiriú sa tuarascáil pleanáil chruinn fhíor, rannpháirteachas, inniúlacht scile agus anailís, agus céimeanna meastóireachta an tionscadail, le téarmaí cuí corpoideachais, sonraí feidhmíochta agus léargas machnamhach. Tarraingíonn na scoláirí ar a dtaifid ghníomhaíochta féin, chomh maith le fianaise eile arna bailiú le linn an tionscadail chun an tuarascáil a chur i dtoll a chéile agus a chur isteach.

Beidh gach tionscadal uathúil, agus ba cheart aistear pearsanta an scoláire a bheith soiléir; mar shampla, an chaoi a mbaineann an fhoghlaim leosan go sonrach, an chaoi ar féidir léi eolas a dhéanamh dá meonta agus réimsí spéise eile, nó aon ní suntasach pearsanta sonrach a d'aimsigh siad.

D'fhéadfaí fianaise eile a chur isteach freisin amhail saothar scríofa, graif, táblaí, fianaise ilmheán nó fianaise chuí i bhformáidí eile, de réir mar a thuairiscítear sa Treoir. Ba cheart do na scoláirí a chinntiú go léiríonn a gcuid oibre comhleanúnachas, ábharthacht phearsanta, agus insint shoiléir ar a gcuid rannpháirteachais leis an Treoir agus na gníomhaíochtaí roghnaithe. Tabharfar mionsonraí maidir leis an tuarascáil a chur isteach sa Treoir ar an Tionscadal Corpoideachais. Tá an tuarascáil le cur i gcrích faoi mhaoirseacht an mhúinteora Corpoideachais ar scoil chun iontaofacht a chinntiú, agus chun a chinntiú go gcloítear le treoirlínte CSS. Cuirfear an tuarascáil chomhlánaithe faoi bhráid CSS lena marcáil. Meastar go dtógfaidh sé thart ar 2–4 uair an chloig chun an chéim seo a chur i gcrích.

[5]Áirítear i measc na gceisteanna treoracha nó leide lena bhféadfar tacú leis na scoláirí sa chéim seo:

- Conas a léireoidh mo thuarascáil deiridh go soiléir an dul chun cinn pearsanta atá déanta agam agus an tionscadal á chur i gcrích agam?
- Ar chuir mé na príomhghnéithe riachtanacha uile san áireamh? De réir mar is cuí
- An bhfuil téarmaí cruinne Corpoideachais á n-úsáid agam agus an bhfuil mé ag cur mo shonraí i láthair go soiléir?
- An dtaispeánann mo thuarascáil fianaise ar mo chuid foghlama agus forbartha pearsanta?
- Ar chuir mé fianaise ábhartha chuí san áireamh (m.sh. taifid, uirlisí anailíse, ábhair fhíseacha)?
- An bhfuil mo thuarascáil léiritheach, an bhfuil ábharthacht phearsanta ag baint léi agus an bhfuil sí ag teacht leis na príomhchoincheapa fócais?
- An bhfuil athbhreithniú agus eagarthóireacht déanta agam ar an tuarascáil ar mhaithe le soiléireacht, comhleanúnachas agus cruinneas?

Fianaise a mholtar a bhailiú chun tacú leis an tionscadal le linn na céime seo:

- Tuarascáil tionscadail chríochnaithe
- Fianaise thacaíochta (m.sh. sleachta machnaimh, físeán, pictiúir, cairteacha)

[5] Cuirtear i láthair sa liosta seo sraith leideanna samplacha a d'fhéadfaí a úsáid ach níl sé uileghabhálach.

Formáid agus Cur isteach an Tionscadail Corpoideachais

Beidh ar na scoláirí tuarascáil a fhorbairt agus a chur isteach mar chuid den Tionscadal Corpoideachais. Cuirfear an tuarascáil i láthair i bhformáid dhigiteach atá leagtha síos ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS).

Ní mór an obair ar fad a dhéantar mar chuid den Tionscadal Corpoideachais a chur i gcrích faoi dháta ar leith. Socróidh CSS an dáta sin agus cuirfear in iúl do scoileanna é agus áireofar é freisin sa Treoir a eisítear i dTéarma 2 de Bhliain 1 den chúrsa.

Ní mór an tuairisc a chur isteach i gcomhréir leis na treoracha a sholáthraíonn CSS. Beidh faisnéis shonrach sna treoracha sin, amhail líon na bhfocal, ceanglais maidir leis na hilmheáin, an struchtúr riachtanach agus ceannteidil na gcodanna, méid an chomhaid, srl.

Is féidir leis na scoláirí rogha a dhéanamh idir tacú le próiseas nó torthaí a dTionscadail Corpoideachais, é a shoiléiriú nó fianaise a chur ar fáil ina leith trí úsáid a bhaint as íomhánna amhail léaráidí, sceitsí, graif, cairteacha, táblaí, grianghraif, físeáin, srl., i gcomhréir le ceanglais na Treorach.

Tá ar na scoláirí tagairtí a thabhairt chun aitheantas a thabhairt don úsáid a baineadh as aon obair atá ina thionscadal ach nach obair dá gcuid féin é. Tá sonraí maidir le tagairt a dhéanamh agus tagairtí a úsáid le fáil in Aguisín 1.

Tá sé thar a bheith tábhachtach gur obair dá gcuid féin í an obair ar fad a chuireann na scoláirí isteach lena measúnú. I gcás ina gcuireann aon iarrthóir obair isteach nár chuir sé i gcrích go hiomlán, is sárú suntasach ar rialacháin é sin. Má chuirtear obair den sórt sin isteach, d'fhéadfaí pionóis a ghearradh, suas go dtí go gcoinneofar siar na torthaí gaolmhara agus é sin san áireamh. Níor cheart do mhúinteoirí tabhairt faoi cheartúcháin ar an tuarascáil le go ndéanfadh an scoláire í a athdhréachtú. Ós rud é gurb í an tuarascáil an t-aon cháipéis amháin a chuirfidh na scoláirí faoi bhráid CSS lena marcáil, tá sé tábhachtach, le linn do na scoláirí a dtuarascálacha a scríobh, go dtabharfaidh siad cuntas barántúil ar na gnéithe uile den phróiseas iniúchta ar phléigh siad leo.

Tá próiseas fíordheimhnithe láidir lárnach chun sláine aon phróisis measúnaithe a chinntiú. Tá fíordheimhniú scoilbhunaithe an mhúinteora ar obair na scoláirí ar a dTionscadal Corpoideachais riachtanach chun measúnú cóir agus cothrom a dhéanamh ar an obair sin. Cé nach bhfuil sé indéanta ná riachtanach do na múinteoirí gach gné d'obair na scoláirí a fheiceáil, ní mór do na múinteoirí a bheith sásta go bhfuil an obair déanta ag na scoláirí féin. Trí theagmháil rialta chuimsitheach le hobair gach scoláire ar a dTionscadal Corpoideachais, beidh an múinteoir in ann aon obair atá á cur isteach lena measúnú a fhíordheimhniú go muiníneach agus go dlisteanach.

Soláthraíonn CSS treoir mhionsonraithe maidir le fíordheimhniú oibre cúrsa agus na coinníollacha maidir le glacadh léi. Cuirfear faisnéis maidir leis an gcaoi a bhfuil feidhm aige sin i gcás an Tionscadail Corpoideachais ar fáil sa Treoir, agus i gcáipéisí eile a d'fhéadfadh CSS a eisiúint.

Tuairisceoirí Cáilíochta

Tábla 2: Tuairisceoirí cáilíochta: Tionscadal Corpoideachais

Comhpháirt	Scoláirí a léiríonn leibhéal ard gnóthachtála	Scoláirí a léiríonn leibhéal measartha gnóthachtála	Scoláirí a léiríonn leibhéal íseal gnóthachtála
Pleanáil	Pleanáil chuimsitheach atá leagtha amach go maith agus atá bunaithe ar an Treoir tionscadail shannta a thaispeáint. Spriocanna a chosaint go soiléir le hanailís chuí ar na riachtanais. Léiriú go bhfuil an phleanáil agus gach céim den tionscadal ag teacht le chéile.	Rannpháirtíocht i bpleanáil lena ngabhann spriocanna atá cuí ar an iomlán agus anailís bhunúsach ar na riachtanais. Léiriú go bhfuil an phleanáil agus céimeanna déanacha an tionscadail ag teacht le chéile go pointe áirithe.	Pleanáil theoranta nó dhoiléir a thaispeáint. Ní ghabhann aon chosaint leis na spriocanna nó ní thagann siad le héilimh an tionscadail. Fíorbheagán fianaise ar anailís ar na riachtanais.
Rannpháirtíocht	Léiriú rannpháirtíochta seasmhaí diongbháilte i réimse na gníomhaíochta coirp. Aiseolas a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus pleananna a chur in oiriúint chun feidhmíocht a fheabhsú ar fud na Treorach sannta. Léiriú fianaise ar rannpháirtíocht shábháilte eiticiúil.	Léiriú rannpháirtíochta rialta i réimse na gníomhaíochta coirp agus iarracht a dhéanamh aiseolas a chur i bhfeidhm. Roinnt dul chun cinn ar fud na Treorach a thaispeáint. Leanúint cleachtas bunúsach sábháilteachta agus eitice.	Rannpháirtíocht neamhsheasmhach sa ghníomhaíocht choirp a thaispeáint. Úsáid bheag a bhaint as aiseolas nó oiriúnú, nó gan iad a úsáid. Ní théitear i ngleic i gceart le cúrsaí sábháilteachta agus eitice.
Inniúlacht Scile agus Anailís	Roghnú agus déanamh scileanna cuí go cruinn agus go staidéarach. Anailís ghéarchúiseach a chur ar fáil agus critéir agus uirlisí ábhartha á n-úsáid. Tuiscint dhomhain ar éilimh feidhmíochta a thaispeáint.	Déanamh scileanna áirithe lena mbaineann smacht agus cruinneas ginearálta. Anailís bhunúsach a thabhairt agus roinnt critéir feidhmíochta á n-úsáid. Léiriú go bhfuil an tuiscint ar an bhfeidhmíocht ag forbairt.	Déanamh scileanna gan mórán smachta ná cruinnis. Tá an anailís lag, doiléir nó in easnamh. Léiriú ar bheagán tuisceana ar fheidhmíocht lena mbaineann scil.
Meastóireacht	Machnamh criticiúil ar phleanáil agus rannpháirtíocht. Eispéireas a nascadh go soiléir le coincheapa corpoideachais agus spriocanna feidhmíochta. Úsáid fianaise chun tacú le conclúidí agus feabhsuithe a mholadh.	Machnamh fiúntach a dhéanamh ar ghnéithe den tionscadal. Roinnt nasc a dhéanamh le coincheapa corpoideachais. Réimsí ginearálta a d'fhéadfaí a fheabhsú a shainaithint.	Machnamh teoranta nó baoth a chur ar fáil. Beagán nasc nó naisc ar bith le coincheapa corpoideachais. Deacracht bealaí le feabhsú a mheasúnú nó a shainaithint.

Cumarsáid	Cumarsáid a dhéanamh go soiléir agus go héifeachtach agus úsáid á baint as téarmaíocht chorpoideachais chuí. Sonraí agus anailís a chur i láthair le huirlisí ábhartha. Comhleanúnachas ar fud na gcodanna a thaispeáint.	Cumarsáid sách soiléir a dhéanamh. Níl an úsáid as téarmaíocht chorpoideachais seasmhach. Sonraí agus anailís bhunúsach a chur i láthair, agus struchtúr éigin ag gabháil leo.	Cumarsáid a dhéanamh ar bhealach scaipthe nó doiléir. Úsáid theoranta as téarmaíocht chorpoideachais. Ní chuirtear na sonraí i láthair mórán nó tá sé mearbhlach.

Ról an mhúinteora

Tá ról tábhachtach ag an múinteoir maidir le tacú le hobair an mhic léinn ar an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp agus maoirseacht a dhéanamh air. Ba chóir an teagasc agus an fhoghlaim a bhaineann leis an gcomhpháirt mheasúnaithe bhreise a chomhtháthú i gcleachtas leanúnach an tseomra ranga chun deiseanna a uasmhéadú don mhac léinn chun torthaí foghlama na sonraíochta a bhaint amach agus chun tacú le forbairt inniúlachtaí tábhachtacha. Tugann eisiúint na treorach coiteann ag an SEC i dtéarma a dó den chéad bhliain deis do mhúinteoirí treorú a thabhairt maidir le ceanglais agus ábhar na treorach ó chéim luath den fhoghlaim san ábhar. Cuideoidh sé le múinteoirí freisin pleanáil a dhéanamh chun CMB a chomhtháthú, de réir mar is iomchuí, i ngnáthshreabhadh an teagaisc agus na foghlama sa seomra ranga.

D'fhéadfaí a áireamh ar an tacaíocht ón múinteoir:

- riachtanais an Tionscadail Oideachais Fhisiciúil a shoiléiriú
- cabhrú leis an mac léinn tuiscint a fháil ar an gcaoi a mbaineann an treoir a d'eisigh Coimisiún Scrúduithe Stáit don tionscadal le sonraíocht oideachais fhisiciúil na hArdteistiméireachta
- aon réimsí ar leith den tsonraíocht a gcaithfidh an mac léinn aghaidh a thabhairt orthu chun an Chomhpháirt Measúnaithe Breise a dhéanamh a aithint
- a chinntiú go bhfuil an mac léinn ar an eolas faoi na tuairiscí cáilíochta a bhaineann leis an gComhpháirt Measúnaithe Breise
- ceisteanna pras a sholáthar, amhail iad siúd a chuirtear ar fáil ag deireadh gach roinne, chun pleanáil agus smaointeoireacht chriticiúil an mhic léinn a spreagadh agus a thacú i rith an phróisis
- spreagadh a thabhairt don scoláire chun díriú ar cheanglais na treorach agus a chuid saothair a cheangal leis na torthaí foghlama sa tsonraíocht
- cuidiú leis an scoláire meas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le dea-chleachtais déanta tagairtí agus don ghá chun aon chineál bradaíola a sheachaint
- rochtain a éascú ar acmhainní iomchuí
- socruithe rochtana iomchuí a chur ar fáil don scoláire ag a bhfuil riachtanais bhreise foghlama, i gcomhréir le soláthar comhréiteach réasúnta ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit
- feasacht a mhúscailt i measc scoláirí nach mór dóibh aon rialachán éigeantach nó ceanglais ábhartha a chomhlíonadh amhail na cinn a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht, Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), réadmhaoin phoiblí nó phríobháideach a rochtain srl.
- aiseolas a úsáid go hiomchuí chun cur chuige athmhachnamhach a chur chun i leith na hoibre ar an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis
- treoracha a chur ar fáil ag eatraimh straitéiseacha chun comhlíonadh tráthúil na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis a éascú

- aird an scoláire a tharraingt ar aon cheanglas i ndáil le cur isteach na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis arna sonrú sa treoir
- deiseanna a chur chun cinn a thugann Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis chun príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí a fhorbairt

D'fhonn an próiseas fíordheimhnithe a éascú, ba cheart go mbeadh na múinteoirí rannpháirteach ar bhonn tráthrialta le saothar an scoláire ar an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis. Ba cheart gurbh fheasach do mhúinteoirí nach féidir saothar ach ar leis an scoláire féin é a chur isteach lena mheasúnú ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit, agus nach mór do gach scoláire a chuid oibre a chur isteach ar bhonn aonair. I gcás ina bhfuil níos mó ná scoláire amháin in aon rang ag obair ar Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis atá cosúil lena chéile, beidh sé tábhachtach go nglacfaidh gach scoláire cur chuige aonair i leith na hoibre.

Ba cheart an t-aiseolas a chuirtear ar fáil don scoláire a bheith ginearálta agus neamhthreorach. Níor cheart do mhúinteoirí aon tacaíocht iomarcach ná mhíchuí a thabhairt don scoláire, amhail dréacht dá saothar a chur in eagar ná téacs eiseamláireach nó freagraí a chur ar fáil le húsáid mar fhianaise d'fhoghlaim an scoláire.

Aguisíní

Aguisín 1 Liosta de Ghníomhaíochtaí Coirp

Réimsí gníomhaíochta coirp	Gníomhaíochtaí
Lúthchleasaíocht	Imeachtaí reatha, imeachtaí caithimh, imeachtaí léimní
Gníomhaíochtaí Ealaíonta agus Aeistéitiúla	Gleacaíocht, damhsa
Uiscíocht	Buillí snámha, póló uisce, snámh comhuaineach
Gníomhaíochtaí Eachtraíochta	Treodóireacht, cadhcáil, dreapadóireacht laistigh le rópa, rámhaíocht uisce, rothaíocht (bóthar, sliabh)
Cluichí – Ionradh	Peil ghaelach (fir/mná), iománaíocht/camógaíocht, sacar, rugbaí, cispheil, haca, líonpheil, liathróid láimhe Oilimpeach
Cluichí – Eangach/Balla	Badmantan, leadóg, eitpheil, leadóg bhoird, liathróid láimhe CLG, scuais
Cluichí – Bualadh/Gabháil	Cruicéad, bogliathróid, cluiche corr
Cluichí – Sprioc/Bualadh	Galf

Aguisín 2: Treoirlínte chun Tacú le Tagairtí a Dhéanamh

Is gné thábhachtach den Tionscadal Corpoideachais í tagairtí a dhéanamh toisc go dtugann sí deis dóibh siúd a léann an *<cuir isteach an téarma ábhartha>* teagmháil níos fearr a dhéanamh leis an ábhar agus leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil sa tagairt a fhíorú. Is é an bealach is oiriúnaí é do na scoláirí chun aitheantas a thabhairt d'fhoinse aon eolais, smaointe, ábhair nó íomhánna nach leo féin iad agus atá curtha san áireamh acu ina dTionscadal Corpoideachais.

Ach tagairt a dhéanamh is féidir leis na scoláirí fianaise a sholáthar ar an taighde ar phléigh siad leis a chur ar fáil, cuidíonn sin le tacaíocht agus tábhacht a thabhairt d'argóintí agus tátail, agus is féidir sin a úsáid chun a thaispeáint gur mheas agus gur fhiosraigh na scoláirí peirspictíochtaí difriúla.

Ba cheart do na scoláirí tagairtí a thabhairt laistigh dá saothair (lua sa téacs) agus freisin sa chuid tagairtí den *<cuir isteach an téarma ábhartha>*. Trí lua sa téacs a úsáid soláthraítear nasc díreach idir an méid a scríobhann na scoláirí agus an taighde ar a bhfuil a gcuid oibre bunaithe.

Sampla:
Aon scoláire a d'úsáidfeadh ábhar ó leathanach 57 den leabhar *Inclusion: effective practice for all students?*, d'úsáidfidís an sliocht idir lúibíní (lch 57, McLeskey, 2013) agus ansin leanfaidís ar aghaidh agus mionsonraí a chur leis an liosta tagairtí mar McLeskey, J. (2013) *Inclusion: effective practice for all students?* An dara heagrán.

Sa chuid tagartha dá gcáipéis, ba cheart do na scoláirí na sonraí cuí a sholáthar d'aon fhoinsí a d'úsáid siad le linn an Tionscadail Corpoideachais amhail:

- leabhair, nuachtáin, irisí
- irisí gairmiúla agus tuarascálacha rialtais
- foinsí ar líne, ina measc físeáin, podchraoltaí, srl.
- ábhar ó shaineagraíochtaí agus ó dhaoine aonair ábhartha
- ábhar arna ghiniúint ag bogearraí intleachta saorga (IS) agus aipeanna IS. Eiseofar eolas sonrach faoi sin i dTreoir an Tionscadail Corpoideachais agus i gcáipéisí gaolmhara ó CSS.

Ní chuirtear an chuid tagartha san áireamh sa líon focal. Cuidíonn tagairt chuimsitheach a dhéanamh chun a thaispeáint gur thug na scoláirí faoi chleachtais taighde mhacánta agus eiticiúla agus gur sheachain siad bradaíl. Ba cheart tagairt a dhéanamh ar bhealach chomh sonrach agus is gá chun an fhoinse taighde ar leith a chur in iúl, amhail uimhir leathanaigh nó caibidil i leabhar, cuid i suíomh gréasáin, stampa ama ar phodchraoladh nó físeán, srl.

Tá bradaíl ina cion tromchúiseach agus tarlaíonn sí nuair a úsáidtear obair seachas obair an scoláire féin gan foinse na hoibre a aithint go soiléir. Áirítear leis sin úsáid a bhaint as ábhar a ghintear trí úsáid a bhaint as bogearraí intleachta saorga (IS) nó as aipeanna IS. Ní cheadaítear ábhar a chóipeáil go díreach ó aon fhoinse gan aitheantas cuí agus is féidir go ngearrfar pionós as sin, suas le torthaí gaolmhara a choinneáil siar, agus an méid sin san áireamh.

Agus tagairt á déanamh ag na scoláirí do na foinsí a d'úsáid siad ina *<cuir isteach an téarma ábhartha>*, ba cheart dóibh a áirithiú, beag beann ar an gcineál foinse, go bhfuil go leor sonraí cruinne ann chun gur féidir leis an léitheoir an tagairt a fhíordheimhniú. Níl aon stíl tagartha fhoirmiúil ar leith ag teastáil.

An chaoi ar cheart do na scoláirí tagairt a dhéanamh d'fhoinsí difriúla

- I gcás ina bhfuil foinsí scríofa nó eolas i gcló á lua ag na scoláirí, ba cheart dóibh ainm an údair a thabhairt, chomh maith le teideal an fhoilseacháin, bliain an fhoilseacháin, agus, más gá, an uimhir leathanaigh nó an chaibidil/an chuid den fhoilseachán.
- I gcás inar mian leis na scoláirí tagairt a dhéanamh do shuíomh idirlín nó foinse ar líne, ba cheart go mbeadh go leor sonraí cruinne ann chun cur ar chumas an léitheora an tagairt a fhíordheimhniú, lena n-áirítear an hipearnasc agus an dáta léite nó íoslódáilte.
- I gcás inar bhain scoláirí úsáid as ábhar a gineadh le bogearraí intleachta saorga (IS) agus feidhmchláir IS, ní mór é sin a admháil. Ba cheart a áireamh leis an tagairt ainm na huirlise IS a úsáideadh, an dáta ar gineadh an t-ábhar agus ba cheart míniú gairid a sholáthar léi ar conas a úsáideadh í. I gcás roinnt mhaith uirlisí intleachta saorga giniúnaí gintear URLanna inroinnte lena leagtar amach ábhar seisiún comhrá a tharla. I gcás inar úsáideadh uirlis den sórt sin, ba cheart an URL a áireamh sa liosta d'fhoinsí taighde. I gcás nach ngintear URL inroinnte le huirlis IS, ba cheart don scoláire ainm na huirlise, agus an leid a úsáideadh, a lua.

Samplaí de lua sa téacs do chineálacha difriúla foinsí
Leabhar: (lch 57, McLeskey, 2013)
Alt nuachtáin/irise: (Hearne, J., 30/08/2024)
Téacs/íomhá arna rochtain ar líne: (thelatinlibrary.com/101/RhetoricalDevices)
Fuaim arna rochtain ar líne: (Clár 10, rte.ie/radio/podcasts/22093250)
Físeán arna rochtain ar líne: (3:20 go 5:45, youtu.be/yCv4iyPqZKQ)
Uirlisí IS (le URL inroinnte): (chat.openai.com/share/f45a1e23-2217-4443-a244-d56ab26ae940)
Uirlisí IS (gan URL inroinnte): (OpenAI (2023) ChatGPT, 20/10/2023)

Samplaí de thagairtí do chineálacha difriúla foinsí
Leabhar i liosta tagairtí: McLeskey, J. (2013) *Inclusion: effective practice for all students?* An dara heagrán.
Alt nuachtáin/irise Hearne, J. (30/08/2024) 'How bad driving habits cost Irish motorists hundreds every year', Irish Examiner
Téacs/íomhá arna rochtain ar líne Latin Library, Principal Rhetorical and Literary Devices, (dáta scríofa gan bheith ar fáil), http://www.thelatinlibrary.com/101/RhetoricalDevices.pdf, Dáta rochtana: 17/6/24
Fuaim arna rochtain ar líne Philip Boucher Hayes, RTE, Hot Mess – Megawatts and Megabytes, Podchraoladh, dáta cruthaithe: 30/5/24, https://www.rte.ie/radio/podcasts/22093250-ep-10-megawatts-and-megabytes/, Dáta rochtana: 10/11/23

Físeán arna rochtain ar líne ApintTurtle, Zig & Zag – Christmas crises, Scannán, dáta cruthaithe 20/12/2008, http://youtu.be/yCv4iyPqZKQ, 12/12/14, ó 3 nóiméad 20 soicind chuig 5 nóiméad 45 soicind.
Uirlisí IS Sampla le URL inroinnte arna ghiniúint ag an Uirlis IS: OpenAI (2023) ChatGPT (Leagan DF 20) [Samhail teanga mhór], arna rochtain an 20 Deireadh Fómhair 2023. https://chat.openai.com/share/f45a1e23-2217-4443-a244-d56ab26ae940
Uirlisí IS Sampla gan URL inroinnte OpenAI (2023) ChatGPT (Leagan DF 20) [Samhail teanga mhór], arna rochtain an 20 Deireadh Fómhair 2023. Leid a úsáideadh agus an téacs a gineadh.



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment